Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

- **Seicliosta Cáipéise - Iarratas ar Thithíocht Inacmhainne Ar Líne**
- Sa cháipéis seo, tá faisnéis agus samplaí den cháipéisíocht a nach mór d'iarrthóirí a chur isteach. De réir threoirlínte na scéime, déanfaidh an t-údarás áitiúil (Comhairle Chontae na Gaillimhe) an fhaisnéis seo a bhailíochtú agus a dheimhniú chun a sástachta.
- Déanfar an cháipéis seo a nuashonrú go rialta – arna nuashonrú 24/09/2024.

**1. Cruthúnas ar Náisiúntacht:**

- Pas nó teastas breithe más Éireannach thú.
- Pas más saoránach AE/LEE/RA thú.
- Cárta Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (stampa 4) más náisiúntacht eile thú.

**2. Cruthúnas ar Cheart chun Cónaí in Éirinn (más ábhartha):**

D'iarrthóirí neamh-AE/LEE:

- Cuir cóip de do chárta Chead Áitritheora Éireannach (IRP nó GNI Stampa 4) lena léirítear cén stampa/ceadanna atá agat.
- Maidir le hiarratais aonair/chomhpháirteacha nuair is neamh-LEE/AE an t-iarratsóir/an bheirt iarratasóirí, ní mór cónaí a bheith ar iarratasóirí in Éirinn go dlíthiúil ar feadh tréimhse 5 bliana; nó údarú chun fanacht a bheith acu lena leathnaítear chun go bhfhéadfaí 5 bliana de chónaí ináirithe a cheadú; nó údarú chun fanacht sa Stát ar feadh tréimhse éiginnte a bheith acu.
- Féadfaidh iarratas nach náisiúnach LEE/AE é, agus atá ina chéile nó ina pháirtí sibhialta le náisiúnach AE /LEE, a mheas mar chuid d'iarratas comhpháirteach an teaghlaigh sin, ar choinníoll go bhfuil cárta cónaithe bailí aige nó cárta buanchónaithe aige a bhfuil Stampa 4EUFam bailí leis.

Measfar saoránaigh na RA ina gcónaí in Éirinn go dlíthiúil. (Tá an méid sin i gcomhréir le ceanglais an Chomhlimistéir Taistil)

**3. Cruthúnas ar sheoladh baile reatha arna dhátú laistigh den 3 mhí is déanaí - ceann amháin acu a leanas:**

- Ráiteas bainc reatha
- Ráiteas comhair chreidmheasa
- Bille fóntais (leictreachas, gás, idirlíon, fón póca nó teileafón)

**4. Cruthúnas ar gach cuntas/sócmhainn lena n-áirítear:**

- Cuntais taisce
- Cuntais phearsanta
- Cuntais reatha
- Comhchuntais
- An Post
- Revolut
- Criptea-airgeadraí
- Scaireanna

**5. Cruthúnas ar Ioncam:**

- **Má tá tú FOSTAITHE**, **Teastas Tuarastail** críochnaithe agus stampáilte ag d'fhostóir agus an **Achoimre Sonraí Fostaíochta** is déanaí atá agat (ar a dtugtaí P60) agus atá ar fáil ar www.revenue.ie/MyAccount. Ní mór do gach cáipéis a beith dátaithe laistigh den trí mhí is déanaí.

Nó

- **Má tá tú FÉINFHOSTAITHE**, uaslódáil **Tuarascáil Deimhnithe Cuntasóra/Cuntais Iniúchta** (2 Bhliain ag Teastáil), **Ráiteas Comharthaithe Cánach Reatha** agus **Admháil Íocaíochta Réamhchánach Reatha** l.

Nó

- **Má tá tú DÍFHOSTAITHE**, uaslódáil **Ráiteas Sochar Iomlán** atá faighte i ngach. Féadfar sin a iarraidh ach ríomhphost a chur chuig an oifig Leasa Shóisialaigh/Intreo áitiúil.

**6. Cruthúnas ar Stádas an Cheannaitheora:**

**Ceannaitheoirí Céaduaire:**

- Iarratas críochnaithe ar an Scéim Cabhair le Ceannach (na Coimisinéirí Ioncaim), lena ndearbhaítear faomhadh. Ní mór ainm(neacha) na n-iarratasóirí/an iarratasóira le UPSP agus uastheidlíocht faoin scéim a bheith san faomhadh. Mura bhfuil an t-iarratas déanta agat go fóill, ba cheart é a dhéanamh anois.

  (Tabhair faoi deara - ní mheasfar iarratasóirí comhpháirteacha ina gceannaitheoirí céaduaire ach amháin nuair is é an chéad uair don BHEIRT ACU teach a cheannach).

Nó

- Más Ceannaitheoir Céaduaire thú agus níl tú páirteach sa scéim Cabhair le Ceannach, soláthair Mionnscríbhinn ó Aturnae lena ndeimhnítear nach raibh teaghais faoi d'úinéireacht féin agat riamh in Éirinn nó stát ar bith eile.

**Iarrthóirí ar Thosú as an Nua:**

- Foraithine Chúirte / Litir Aturnae lena ndeimhnítear go bhfuil an t-iarratasóir colscartha/scartha nó eile, agus go bhfuil an réadmhaoin fágtha aige agus go bhfuil sé dídhílsithe dá shainleas sa réadmhaoin.
- Nuair a dídhílsíodh an t-iarratasóir dá shainleas sa réadmhaoin de dheasca imeachtaí dócmhainneachta nó féimheachta, is gá cruthúnas ar stádas an iarratasóra i gclár na féimheachta a sholáthar. Cruthúnas go ndearnadh aon réadmhaoin a thóg tú nó a bhí faoi d'úinéireacht a dhíol nó a thabhairt mar chuid de chomhaontú dócmhainneachta nó féimheachta pearsanta nó mar chuid de phróiseas féimheachta dlíthiúil eile.
- Iarratasóirí a bhfuil teaghais acu nach n-oireann do riachtanais reatha teaghlaigh de dheasca mhéid na réadmhaoine, soláthair luacháil do réadmhaoine reatha atá cothrom le dáta, le do thoil.

**7. Fianaise le Cumas an Cheannachán a Mhaoiniú:**

**Má tá faomhadh morgáiste i bprionsabal agat:**

- Litir maidir le Faomhadh Iasachta i bPrionsabal (AIP) lena ndeimhnítear an uastheidlíocht iasachta le haghaidh morgáiste atá le fáil don iarratasóir/na hiarratasóirí mar a cheanglaítear faoi Reachtaíocht Tithíocht Inacmhainne lena dtaispeántar gur uasmhéadaigh tú d'acmhainn morgáiste (ie. go bhfuair tú a oiread agus bhfuil tú incháilithe dó ar iasacht).

**Mura bhfuil faomhadh morgáiste i bprionsabal agat:**

- Cé nár ceanglas é faomhadh morgáiste a bheith agat sula ndéantar an t-iarratas ar an Scéim Thithíochta Inacmhainne, moltar é, agus ceanglófar ar iarratasóirí Faomhadh Iasachta i bPrionsabal a bheith acu ag tráth an mheasúnaithe.